


## Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéim nua – an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, déan iarracht na focail thíos a cheangal le chéile.

1. An tAire Leanaí & Gnóthaí Óige	a. <i>Personal Public Service Number</i>
2. ceart reachtúil	b. <i>allowance</i>
3. liúntas	c. <i>from now on, for the future</i>
4. ollmhór	d. <i>Gross Domestic product (GDP)</i>
5. feasta	e. <i>income related</i>
6. Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí	f. <i>Minister for Children &amp; Youth Affairs</i>
7. beart a dhéanamh de réir a mbriathair	g. <i>statutory right</i>
8. olltáirgeacht intíre (OTI)	h. <i>universal</i>
9. uilíoch	i. <i>be true to their words</i>
10. nasctha le hioncam	j. <i>huge</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10



Féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

**Ceist 2** Féach ar an mír den dara huair. An bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach?

1. Beidh sé de cheart ag gach tuismitheoir sa tír liúntas a fháil chun íoc as cúram leanaí.
2. Níl an liúntas ag teastáil ó na mná a labhair le Caoimhe Ní Laighin sa mhír.
3. Is féidir iarratas a chur isteach ar an liúntas ar an suíomh idirlín anois.
4. Deir an eagraíocht Luath-Óige Éireann nach bhfuil aon mhaith sa scéim.

5. Cuireann Stát na hÉireann 0.002% d'olltáirgeacht na tíre ar leataobh le haghaidh cúraim leanaí.
6. Caitheann an tSualainn an méid is lú airgid ar chúram leanaí san Eoraip.

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc arís. Déan cur síos ar ábhar na míre don duine in aice leat.

**Ceist 4** ‘...tá mise...’

A. Cén téarma gramadaí a thugtar ar an bhfocal i gcló trom thuas?

B. Cad faoi na cinn seo anois?

mé	_____
tú	_____
sé/é	_____
sí/í	_____
muid/sinn	_____
sibh	_____
siad/iad	_____

C. Cuir na focail a bhreac tú síos in abairtí chun a n-úsáid cheart a léiriú. Ní gá na habairtí a scríobh; is leor iad a rá amach os ard leis an duine in aice leat.

**Ceist 5** ‘...go gcaithfidh...’

A. Bain úsáid as na briathra thíos chun na rialacha a bhaineann leis an aimsir fháistineach a chur in iúl:

*caith agus imigh*

B. Cuir na ceisteanna seo a leanas ar an duine in aice leat faoi na pleananna atá aige don deireadh seachtaine:

*Cá a dhéanfaidh tú an deireadh seachtaine seo?*

*Cé a bheidh leat?*

*Conas mar a bheidh an aimsir?*

**Ceist 6** Pléigh an cheist seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

Conas a chuireann na costais mhóra a bhaineann le chúram leanaí isteach ar theaghlaigh?

Treoracha agus Freagraí

**Ceist 1**

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	g	b	j	c	a	i	d	h	e

**Ceist 2**

1. Fíor.
2. Bréagach: Dúirt gach bean sa leabharlann go raibh cúram leanaí róchostasach agus dá bhrí sin nach raibh siad in ann dul ar ais ag obair.
3. Bréagach: Is féidir cur isteach ar liúntas ó mhí Dheireadh Fómhair seo chugainn.
4. Bréagach: Fáiltíonn an eagraíocht roimh an scéim.
5. Fíor.
6. Bréagach: Caitheann siad i bhfad níos mó airgid ar chúram leanaí ná na hÉireannaigh, 0.019%.

**Ceist 3**

Féach an script.

**Ceist 4**

A. An fhoirm threise den fhorainm.

B.	mé	<i>mise, mé féin</i>
	tú	<i>tusa, tú féin</i>
	sé/é	<i>seisean, eisean, é féin</i>
	sí/í	<i>sise, ise, í féin</i>
	muid/sinn	<i>muidne, sinne, muid féin, sinn féin</i>
	sibh	<i>sibhse, sibh féin</i>
	siad/iad	<i>siadsan, iadsan, iad féin</i>

C. Cleachtadh cainte atá sa cheist seo.

**Ceist 5**

A. *caith* agus *imigh*

<p><b>Caith</b></p> <p>caithfidh mé caithfidh tú caithfidh sé/sí caithfimid caithfidh sibh caithfidh siad</p> <p>caithfear</p> <p>An gcaithfidh sé? Caithfidh/Ní chaithfidh.</p>	<p><b>Imigh</b></p> <p>imeoidh mé imeoidh tú imeoidh sé/sí imeoimid imeoidh sibh imeoidh siad</p> <p>imeofar</p> <p>An imeoidh siad? Imeoidh/Ní imeoidh</p>
--	---

B. Cleachtadh cainte é seo.

**Ceist 6**

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na ceiste seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

**Eimear Ní Chonaola**

Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí, inniu. Faoin scéim beidh sé de cheart reachtúil feasta ag gach uile thuismitheoir liúntas a fháil chun íoc as cúram leanaí.

**Caoimhe Ní Laighin**

Leabharlann Bhaile Bhailcín inniu. Tá tuairimí láidre ag na mná anseo faoi chúram leanaí sa tír seo.

**Blaise Nic an Phiarsaigh**

I mo chás tá an costas...tá costas ollmhór air. Agus, faoi láthair, tá sé ag cur bac orm chun dul thar n-ais chuig m'obair, mar gheall ar an gcostas, so, tá beirt agam anois....

**Caroline Breslin**

Tá imní mhór orm faoi chostas an crèche. Ba mhaith liom dul go dtí an obair san fhómhar ach tá beirt pháistí againn. Tá sé an-chostasach.

**Marilyn Mc Givern**

I ndáiríre, tá mise sa bhaile ag an bheirt chailíní atá agamsa. Ach, tá sé deacair, sin an fhadhb a bhí agamsa. Bhí sé róchostasach domsa chun iad a fhágáil.

**Caoimhe Ní Laighin**

Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí, inniu. Faoin scéim seo beidh sé mar cheart reachtúil feasta ag thuismitheoirí liúntas cúram leanaí a fháil.

Tá suíomh idirlín socraithe faoin scéim agus glacfar le hiarratais ó mhí Dheireadh Fómhair. Beidh thuismitheoirí in ann a n-uimhir PSP (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí) a uaslódáil chun méid an airgid atá ag dul dóibh a fháil amach.

Deir an eagraíocht Luath-Óige Éireann, nach scéim nua í seo i ndáiríre, ach leagan níos buaine de scéim a bhí ann ó 2017. Cuireann siad fáilte roimh fhógra an lae inniu ach deir siad go gcaithfidh an Rialtas beart a dhéanamh de réir a mbriathair anois agus na gealltanais atá déanta acu a chomhlíonadh. Mar, faoi mar a sheasann cúrsaí faoi láthair, a deir siad, tá an tír seo ar chúl ar fad ó thaobh infheistíocht stáit i gcúram leanaí.

In Éirinn, ní infheistíonn an Stát ach 0.002% d'olltáirgeacht intíre i gcúram leanaí. Ba chóir 0.008% a chaitheamh, dar le UNICEF<sup>1</sup>. Agus 0.019% a chaitheann an tSualainn.

Beidh liúntais uilíocha le bheith ar fáil do gach duine faoin scéim agus liúntais atá nasctha le hioncam.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht Tg4 i mBaile Átha Cliath.

---

<sup>1</sup> Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí